2025/1047

28.5.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/1047 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Bealtaine 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803 a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 9 agus Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 7

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta ([1]) a chur i bhfeidhm, agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/1803 ([2]) ón gCoimisiún, glacadh caighdeáin áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta agus léirmhínithe áirithe idirnáisiúnta cuntasaíochta a bhí ann an 8 Meán Fómhair 2022.

(2) An 30 Bealtaine 2024, d'eisigh an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta leasuithe áirithe ar Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 9 *Ionstraimí Airgeadais* ('IFRS 9') agus ar Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 7 *Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí* ('IFRS 7'). Ba é cuspóir na leasuithe sin aghaidh a thabhairt ar chuid de na torthaí ó athbhreithniú iar-chur chun feidhme 2022 ar na ceanglais maidir le haicmiú agus tomhas in IFRS 9 agus freagairt d'iarraidh na bpáirtithe leasmhara ar Choiste Léirmhíniúcháin IFRS.

(3) Leis na leasuithe sin, soiléirítear aicmiú sócmhainní airgeadais ag a bhfuil gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais agus gnéithe comhchosúla, mar aon le dliteanais a réiteach trí chórais ríomhíocaíochta. Ina theannta sin, forchuirtear leis na leasuithe sin ceanglais maidir le nochtadh chun trédhearcacht a mhéadú d'infheisteoirí i ndáil le hinfheistíochtaí in ionstraimí cothromais arna dtomhas ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile agus ionstraimí airgeadais a bhfuil gnéithe teagmhasacha acu, amhail gnéithe a bhaineann le spriocanna atá nasctha le cúrsaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais.

(4) Leis na leasuithe sin, ba cheart iasachtaí a bhfuil gnéithe atá nasctha le cúrsaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais acu a chur chun cinn, toisc gur cheart dóibh a bheith in ann costais amúchta nó luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile a chur i bhfeidhm, ag brath ar an tsamhail ghnó, ar an mbonn go gcomhlíonann siad an tástáil maidir le hÍocaíochtaí Príomhshuime agus Úis. Ar an gcaoi sin, ba cheart an tuairisciú airgeadais a bheith ina thacú le bearta aistrithe eacnamaíocha lena gcuirtear an Comhaontú Glas don Eoraip chun cinn.

(5) Tar éis dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais, maidir leis na leasuithe ar IFRS 9 agus IFRS 7, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le glacadh mar a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002. Tháinig an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais ar an gconclúid freisin gur mó na tairbhí a bhaineann leis na leasuithe sin ná na costais lena mbaineann.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/1803 a leasú dá réir sin.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Rialála Cuntasaíochta,

([1]) IO L 243, 11.9.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/1606/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2023/1803 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2023 lena nglactar caighdeáin áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 237, 26.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1803/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1803 mar a leanas:

(1) Leasaítear Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais ('IFRS') 9 *Ionstraimí Airgeadais*mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(2) IFRS 7 *Ionstraimí Airgeadais:* Leasaítear *Nochtaí* mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Cuirfidh gach cuideachta na leasuithe dá dtagraítear in Airteagal 1 i bhfeidhm ó dháta tosaithe a céad bhliana airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2026, nó dá éis, ar a dhéanaí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

LEASUITHE AR AICMIÚ AGUS TOMHAS IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS

Leasuithe ar IFRS 9 agus ar IFRS 7

Leasuithe ar IFRS 9 *Ionstraimí Airgeadais*

Cuirtear míreanna 7.1.12–7.1.13 agus 7.2.47–7.2.49 agus an ceannteideal roimh mhír 7.2.47 isteach.

7.1 DÁTA ÉIFEACHTACH

...

7.1.12. Le *Leasuithe ar Aicmiú agus Tomhas Ionstraimí Airgeadais*, lenar leasaíodh IFRS 9 agus IFRS 7, arna n-eisiúint i mí na Bealtaine 2024, cuireadh míreanna 7.2.47–7.2.49, B3.1.2A, B3.3.8–B3.3.10, B4.1.8A, B4.1.10A, B4.1.16A agus B4.1.20A isteach. Leasaigh sé míreanna B4.1.10, B4.1.13, B4.1.14, B4.1.16, B4.1.17, B4.1.20, B4.1.21 agus B4.1.23 freisin. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí tuairiscithe bliantúla dar tús an 1 Eanáir 2026 nó ina dhiaidh sin. Ceadaítear cur i bhfeidhm níos luaithe.

7.1.13. Má roghnaíonn eintiteas na leasuithe sin a chur i bhfeidhm le haghaidh tréimhse níos luaithe, déanfaidh sé ceachtar díobh seo a leanas:

(a) na leasuithe uile a chur i bhfeidhm san am céanna agus an méid sin a nochtadh; nó

(b) gan ach na leasuithe ar an Treoraíocht maidir le cur i bhfeidhm ar Roinn 4.1 den Chaighdeán seo (Aicmiú sócmhainní airgeadais) a chur i bhfeidhm don tréimhse níos luaithe sin agus an méid sin a nochtadh.

7.2 AISTRIÚ

...

Aistriú le haghaidh *Leasuithe ar Aicmiú agus Tomhas Ionstraimí Airgeadais*

7.2.47. Cuirfidh eintiteas *Leasuithe ar Aicmiú agus Tomhas Ionstraimí Airgeadais* i bhfeidhm go cúlghabhálach i gcomhréir le IAS 8, seachas mar a shonraítear i míreanna 7.2.48–7.2.49. Chun críocha na gceanglas sna míreanna sin, is é dáta an chur i bhfeidhm tosaigh tús na tréimhse tuairiscithe bliantúla ina gcuireann an t-eintiteas na leasuithe i bhfeidhm den chéad uair.

7.2.48. Ní éilítear ar eintiteas tréimhsí roimhe sin a athshonrú chun cur i bhfeidhm na leasuithe sin a léiriú. Ní fhéadfaidh eintiteas tréimhsí roimhe sin a athshonrú ach más amhlaidh, agus sa chas sin amháin, gur féidir é a dhéanamh gan dul i muinín na céille ceannaithe. Mura n-athshonraíonn eintiteas tréimhsí roimhe sin, aithneoidh sé an éifeacht a bhaineann leis na leasuithe sin a chur i bhfeidhm i dtosach mar choigeartú ar iarmhéid tosaigh na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais chomh maith leis an éifeacht charnach, más ann di, mar choigeartú ar iarmhéid tosaigh an tuillimh choimeádta (nó gné eile den chaipiteal gnáthscaireanna, de réir mar is iomchuí) ar dháta an chur i bhfeidhm tosaigh.

7.2.49. Ar dháta chur i bhfeidhm tosaigh na leasuithe ar an Treoraíocht maidir le cur i bhfeidhm ar Roinn 4.1 den Chaighdeán seo (Aicmiú sócmhainní airgeadais), nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas maidir le gach aicme sócmhainní airgeadais a d'imigh go catagóir tomhais eile mar thoradh ar na leasuithe a chur i bhfeidhm:

(a) an chatagóir tomhais agus an tsuim ghlanluacha arna cinneadh go díreach sular cuireadh na leasuithe i bhfeidhm;

(b) an chatagóir tomhais agus an tsuim ghlanluacha arna cinneadh go díreach tar éis gur cuireadh na leasuithe i bhfeidhm;

Aguisín B

Treoraíocht maidir le cur i bhfeidhm

Cuirtear míreanna B3.1.2A, B3.3.8–B3.3.10, B4.1.8A, B4.1.10A, B4.1.16A agus B4.1.20A agus an ceannteideal roimh mhír B3.1.2A isteach. Leasaítear míreanna B4.1.10, B4.1.13, B4.1.14, B4.1.16, B4.1.17, B4.1.20, B4.1.21 agus B4.1.23. Ní leasaítear míreanna B4.1.7A, B4.1.15 agus B4.1.22 ach áirítear iad ar mhaithe le tagairt dóibh a éascú.

AITHEANTAS AGUS DÍ-AITHEANTAS (CAIBIDIL 3)

Aitheantas tosaigh (Roinn 3.1)

...

Dáta an aitheantais tosaigh nó an dí-aitheantais tosaigh;

B3.1.2A Mura bhfuil feidhm ag mír 3.1.2, aithneoidh eintiteas sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais ar an dáta a éiríonn an t-eintiteas ina pháirtí i bhforálacha conarthacha na hionstraime (féach mír 3.1.1). Dí-aithnítear sócmhainn airgeadais ar an dáta a théann na cearta conarthacha ar an sreabhadh airgid in éag nó a aistrítear an tsócmhainn (féach mír 3.2.3). Mura roghnaíonn eintiteas mír B3.3.8 a chur i bhfeidhm, dí-aithnítear dliteanas airgeadais ar an dáta socraíochta, arb é sin an dáta a mhúchtar an dliteanas toisc go n-urscaoiltear nó go gcealaítear an oibleagáid a shonraítear sa chonradh nó go dtéann sí in éag (féach mír 3.3.1) nó go gcáilíonn an dliteanas le haghaidh dí-aitheanta ar bhealach eile (féach mír 3.3.2).

...

Dliteanais airgeadais a dhí-aithint (Roinn 3.3)

...

B3.3.8 D'ainneoin an cheanglais i mír B3.1.2A dliteanas airgeadais a dhí-aithint ar an dáta socraíochta, agus dliteanas airgeadais (nó cuid de dhliteanas airgeadais) á shocrú in airgead tirim trí úsáid a bhaint as córas íocaíochta leictreonaí, ceadaítear d'eintiteas a mheas go bhfuil an dliteanas airgeadais (nó cuid de) le hurscaoileadh roimh an dáta socraíochta más amhlaidh, agus sa chás sin amháin, gur thionscain an t-eintiteas treoir íocaíochta a raibh an méid seo a leanas mar thoradh uirthi:

(a) nach bhfuil aon chumas praiticiúil ag an eintiteas an treoir íocaíochta a tharraingt siar, a stopadh nó a chur ar ceal;

(b) nach bhfuil aon chumas praiticiúil ag an eintiteas rochtain a fháil ar an airgead tirim atá le húsáid le haghaidh socraíochta mar thoradh ar an treoir íocaíochta; agus

(c) an riosca socraíochta a bhaineann leis an gcóras íocaíochta leictreonaí a bheith neamhshuntasach.

B3.3.9 Chun mír B3.3.8(c) a chur i bhfeidhm, tá an riosca socraíochta a bhaineann le córas íocaíochta leictreonaí neamhshuntasach má tá a shaintréithe de chineál a fhágann go leanann cur i gcrích na treorach íocaíochta próiseas caighdeánach riaracháin agus más gearr an t-am idir comhlíonadh na gcritéar i míreanna B3.3.8(a) agus (b) agus seachadadh an airgid thirim chuig an gcontrapháirtí. Ní bheadh riosca socraíochta neamhshuntasach, áfach, dá mbeadh cur i gcrích na treorach íocaíochta faoi réir chumas an eintitis airgead tirim a sholáthar ar an dáta socraíochta.

B3.3.10 An t-eintiteas a roghnaíonn mír B3.3.8 a chur i bhfeidhm maidir le socraíocht dliteanais airgeadais (nó cuid de dhliteanas airgeadais) trí úsáid a bhaint as córas íocaíochta leictreonaí, cuirfidh sé an mhír sin i bhfeidhm maidir le gach socraíocht a dhéantar tríd an gcóras íocaíochta leictreonaí céanna.

AICMIÚ (CAIBIDIL 4)

Aicmiú sócmhainní airgeadais (Roinn 4.1)

...

Sreabhadh airgid conarthach nach bhfuil ann ach íocaíochtaí príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc

...

B4.1.7A Sreabhadh airgid conarthach nach bhfuil ann ach íocaíochtaí príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc, tá sé comhsheasmhach le bunsocrú iasachta. I mbunsocrú iasachta, is iad comaoin ar amluach airgid (féach míreanna B4.1.9A–B4.1.9E) agus riosca creidmheasa na gnéithe is suntasaí d'ús, go ginearálta. I socrú den sórt sin, áfach, féadfaidh comaoin ar bhunrioscaí maidir le hiasachtú (riosca leachtachta, mar shampla) agus costais de dheasca iasachtaí (costais riaracháin, mar shampla) a bhfuil baint acu leis an tsócmhainn airgeadais a shealbhú ar feadh tréimhse áirithe ama, a bheith san áireamh le hús freisin. Ina theannta sin, féadfaidh corrlach brabúis atá comhsheasmhach le bunsocrú iasachta a bheith san áireamh le hús. In imthosca foircneacha eacnamaíocha, féadfaidh ús a bheith diúltach, mar shampla má íocann sealbhóir sócmhainne airgeadais as taisceadh a chuid airgid ar feadh tréimhse áirithe ama go sainráite nó go hintuigthe (agus má sháraíonn an táille sin an chomaoin a fhaigheann an sealbhóir ar amluach airgid, riosca creidmheasa agus bunrioscaí maidir le hiasachtú agus costais eile). Mar sin féin, téarmaí conarthacha as a n-eascraíonn neamhchosaint ar rioscaí nó luaineacht sa sreabhadh airgid conarthach nach bhfuil baint aige le bunsocrú iasachta, amhail neamhchosaint ar athruithe ar phraghsanna cothromais nó tráchtearraí, ní eascraíonn astu sreabhadh airgid conarthach nach bhfuil ann ach íocaíochtaí príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc. Féadfaidh sócmhainn airgeadais thionscanta nó cheannaithe a bheith ina bunsocrú iasachta gan beann ar cé acu is iasacht ina foirm dhlíthiúil í nó nach ea.

...

B4.1.8A Agus measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil sreabhadh airgid conarthach sócmhainne airgeadais comhsheasmhach le bunsocrú iasachta, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar eintiteas na heilimintí éagsúla úis a bhreithniú ar leithligh. Dírítear sa mheasúnú ar ús ar *an méid* a bhfuil cúiteamh á thabhairt d'eintiteas ina leith, seachas ar *an méid cúitimh* a fhaigheann eintiteas. Mar sin féin, d'fhéadfadh an méid cúitimh a fhaigheann eintiteas a thabhairt le fios go bhfuil an t-eintiteas á chúiteamh as rud éigin seachas bunrioscaí agus bunchostais iasachtaithe. Tá sreabhadh airgid conarthach neamh-chomhsheasmhach le bunsocrú iasachta má tá siad innéacsaithe le hathróg nach bunriosca nó bunchostas iasachta í (mar shampla, luach ionstraimí cothromais nó praghas tráchtearra) nó más sciar d'ioncam nó de bhrabús an fhéichiúnaí atá iontu, fiú más coitianta téarmaí conarthacha den sórt sin sa mhargadh ina n-oibríonn an t-eintiteas.

...

Téarmaí conarthacha a athraíonn uainiú nó méid an tsreafa airgid chonarthaigh

B4.1.10 Má tá téarma conarthach i sócmhainn airgeadais a d'fhéadfadh uainiú nó méid an tsreafa airgid chonarthaigh a athrú (más féidir an tsócmhainn a réamhíoc roimh aibíocht nó más féidir síneadh a chur lena téarma, mar shampla), ní mór don eintiteas a chinneadh an íocaíochtaí príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc agus iad sin amháin atá sa sreabhadh airgid conarthach a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn shaolré na hionstraime de bharr an téarma chonarthaigh sin. Chun an cinneadh sin a dhéanamh, ní mór don eintiteas measúnú a dhéanamh ar an sreabhadh airgid conarthach a d'fhéadfadh teacht chun cinn roimh an athrú ar shreabhadh airgid conarthach agus ina dhiaidh, gan beann ar dhóchúlacht go dtarlóidh an t-athrú ar shreabhadh airgid. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an eintiteas measúnú a dhéanamh freisin ar chineál aon teagmhais theagmhasaigh (i.e. an truicear) lena n-athrófaí uainiú nó méid an tsreafa airgid chonarthaigh. Cé nach fachtóir cinntitheach ann féin é cineál an teagmhais theagmhasaigh chun measúnú a dhéanamh ar cé acu is íocaíochtaí príomhshuime agus úis agus iad sin amháin atá sa sreabhadh airgid conarthach nó nach ea, d'fhéadfadh sé a bheith ina tháscaire air sin. Mar shampla, déan ionstraim airgeadais ag a bhfuil ráta úis arna shocrú chuig ráta níos airde, i gcás nach ndéanann an féichiúnaí líon áirithe íocaíochtaí, a chur i gcomparáid le hionstraim airgeadais ag a bhfuil ráta úis arna shocrú chuig ráta níos airde má shroicheann innéacs cothromais sonraithe leibhéal áirithe. Is mó is dóichí sa chéad chás thuasluaite gur íocaíochtaí príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc agus iad sin amháin a bheidh sa sreabhadh airgid conarthach le linn shaolré na hionstraime mar gheall ar an ngaolmhaireacht idir íocaíochtaí nach ndearnadh agus méadú ar riosca creidmheasa. Sa chéad chás, baineann cineál an teagmhais theagmhasaigh go díreach le hathruithe ar bhunrioscaí agus bunchostais iasachtaithe, agus athraíonn an sreabhadh airgid conarthach sa treo céanna leis na hathruithe sin. (Féach freisin mír B4.1.18.)

B4.1.10A I gcásanna áirithe, eascraíonn sreabhadh airgid conarthach as gné theagmhasach, sreabhadh atá comhsheasmhach le bunsocrú iasachta roimh an athrú ar shreabhadh airgid conarthach agus ina dhiaidh, ach ní bhaineann cineál an teagmhais theagmhasaigh féin go díreach le hathruithe ar bhunrioscaí agus bunchostais iasachtaithe. Mar shampla, déantar an ráta úis ar iasacht a choigeartú le méid sonraithe má éiríonn leis an bhféichiúnaí laghdú a bhaint amach a shonraítear de réir conartha ar astaíochtaí carbóin. I gcás den sórt sin, agus mír B4.1.10 á cur i bhfeidhm, tá sreabhadh airgid conarthach ag an tsócmhainn airgeadais nach bhfuil ann ach íocaíochtaí príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc más amhlaidh, agus sa chás sin amháin, i ngach cás a d'fhéadfadh a bheith ann go conarthach, nach mbeadh difríocht shuntasach idir an sreabhadh airgid conarthach agus an sreabhadh airgid conarthach ar ionstraim airgeadais a bhfuil téarmaí conarthacha comhionanna aici, ach gan gné theagmhasach den sórt sin. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh an t-eintiteas in ann an cinneadh sin a dhéanamh trí mheasúnú cáilíochtúil a dhéanamh; ach faoi chúinsí eile, d'fhéadfadh sé gur ghá measúnú cainníochtúil a dhéanamh. Más léir, gan mórán anailíse nó gan aon anailís, nach bhfuil difríocht shuntasach idir sreabhadh airgid conarthach amháin agus sreabhadh airgid conarthach eile, ní gá d'eintiteas measúnú mionsonraithe a dhéanamh.

...

B4.1.13 Léiríonn na samplaí a leanas sreabhadh airgid conarthach nach bhfuil ann ach íocaíochtaí príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc. Ní liosta uileghabhálach é an liosta samplaí.

Ionstraim	Anailís
...	...
Ionstraim EA Is éard is Ionstraim EA ann iasacht lena ngabhann ráta úis a choigeartaítear gach tréimhse tuairiscithe le líon seasta bonnphointí má bhaineann an féichiúnaí laghdú amach, laghdú a shonraítear de réir conartha, ar astaíochtaí carbóin le linn na tréimhse tuairiscithe roimhe sin. Ní dhéanfadh na huaschoigeartuithe carnacha féideartha athrú suntasach ar an ráta úis ar an iasacht.	Is íocaíochtaí príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc agus iad sin amháin atá sa sreabhadh airgid conarthach. Maidir leis an sreabhadh airgid conarthach a d'fhéadfadh teacht chun cinn roimh gach athrú ar shreabhadh airgid conarthach agus ina dhiaidh, breithníonn an t-eintiteas an amhlaidh gur íocaíochtaí príomhshuime agus úis, agus sin amháin, atá iontu (féach mír B4.1.10). Má tharlaíonn an teagmhas teagmhasach go mbaintear an sprioc amach maidir le hastaíochtaí carbóin, déantar an ráta úis a choigeartú le líon seasta bonnphointí, as a n-eascraíonn sreabhadh airgid conarthach atá comhsheasmhach le bunsocrú iasachta. Ó tharla nach mbaineann cineál an teagmhais theagmhasaigh féin go díreach le hathruithe ar bhunrioscaí agus bunchostais iasachtaithe, ní féidir leis an eintiteas teacht ar an gconclúid ina leith – gan tuilleadh measúnaithe a dhéanamh – cé acu is íocaíochtaí príomhshuime agus úis amháin é an sreabhadh airgid ar an tsócmhainn airgeadais nó nach ea. Dá bhrí sin, déanann an t-eintiteas measúnú ar cé acu, i ngach cás a d'fhéadfadh a bheith ann go conarthach, an mbeadh nó nach mbeadh difríocht shuntasach idir an sreabhadh airgid conarthach agus an sreabhadh airgid conarthach ar ionstraim airgeadais a bhfuil téarmaí conarthacha comhionanna ag gabháil léi, ach gan an ghné theagmhasach atá nasctha le hastaíochtaí carbóin (féach mír B4.1.10A). Toisc nach mbeadh de thoradh ar aon choigeartú thar shaolré na hionstraime sreabhadh airgid conarthach ann atá an-difriúil, tagann an t-eintiteas ar an gconclúid go bhfuil sreabhadh airgid conarthach san iasacht nach bhfuil ann ach íocaíochtaí príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc.

B4.1.14 Léiríonn na samplaí seo a leanas an sreabhadh airgid conarthach nach íocaíochtaí príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc agus iad sin amháin atá iontu. Ní liosta uileghabhálach é an liosta samplaí.

Ionstraim	Anailís
...	...
Ionstraim I Iasacht is ea Ionstraim I ag a bhfuil ráta úis a choigeartaítear gach tréimhse tuairiscithe chun na gluaiseachtaí in innéacs praghsanna carbóin arna chinneadh ag an margadh a rianú le linn na tréimhse tuairiscithe roimhe sin.	Ní íocaíochtaí príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc agus iad sin amháin atá sa sreabhadh airgid conarthach. Déantar an sreabhadh airgid conarthach a innéacsú de réir athróige (an t-innéacs praghsanna carbóin), rud nach bunriosca ná bunchostas iasachtaithe é. Dá bhrí sin, tá an sreabhadh airgid conarthach neamh-chomhsheasmhach maidir le bunsocrú iasachta (féach mír B4.1.8A).

B4.1.15 I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sreabhadh airgid conarthach a bheith ag sócmhainn airgeadais a dtugtar tuairisc air mar phríomhshuim agus ús, ach ní léiríonn an sreabhadh airgid sin íocaíocht príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc mar a thuairiscítear i míreanna 4.1.2(b), 4.1.2A(b) agus 4.1.3 den Chaighdeán seo.

B4.1.16 D'fhéadfadh an cás a bheith amhlaidh má léiríonn an tsócmhainn airgeadais infheistíocht i sócmhainní nó sreabhadh airgid áirithe agus dá bharr sin, nach íocaíochtaí príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc agus iad sin amháin atá sa sreabhadh airgid conarthach. Mar shampla, má shonraítear sna téarmaí conarthacha go dtagann méadú ar shreabhadh airgid na sócmhainne airgeadais de réir mar a úsáideann níos mó gluaisteán bóthar dola áirithe, tá an sreabhadh airgid conarthach sin neamh-chomhsheasmhach le bunsocrú iasachta. Dá thoradh sin, ní chomhlíonfadh an ionstraim an coinníoll i míreanna 4.1.2(b) agus 4.1.2A(b).

B4.1.16A D'fhéadfadh an cás ar a dtugtar tuairisc i mír B4.1.15 teacht chun cinn freisin má tá gnéithe 'neamhiontaofa' ag sócmhainn airgeadais. Tá gnéithe neamhiontaofa ag sócmhainn airgeadais más amhlaidh i dtaca leis an gceart deiridh atá ag eintiteas chun sreabhadh airgid a fháil, go bhfuil sé teoranta go conarthach don sreabhadh airgid arna ghiniúint ag sócmhainní sonraithe. I bhfocail eile, tá an t-eintiteas neamhchosanta go príomha ar riosca feidhmíochta na sócmhainní sonraithe seachas ar riosca creidmheasa an fhéichiúnaí. Mar shampla, d'fhéadfadh ceart deiridh creidiúnaí chun sreabhadh airgid a fháil a bheith teoranta go conarthach don sreabhadh airgid arna ghiniúint ag sócmhainní sonraithe eintitis struchtúrtha.

B4.1.17 Cé go bhfuil gnéithe neamhiontaofa ag baint le sócmhainn airgeadais, áfach, ní chuireann sin ann féin bac ar an tsócmhainn airgeadais an coinníoll i míreanna 4.1.2(b) agus 4.1.2A(b) a chomhlíonadh. Sna cásanna sin, ceanglaítear ar an gcreidiúnaí measúnú a dhéanamh maidir leis an nasc leis na sócmhainní foluiteacha áirithe nó an sreabhadh airgid áirithe agus sreabhadh airgid conarthach na sócmhainne airgeadais atá á n-aicmiú chun a chinneadh an íocaíochtaí príomhshuime agus úis é an sreabhadh airgid sin ar mhéid na príomhshuime gan íoc. Breithneoidh eintiteas freisin an chaoi a ndéanann socruithe conarthacha eile difear don nasc sin, mar atá forfhiach nó ionstraimí cothromais arna n-eisiúint ag an bhféichiúnaí. Má eascraíonn aon sreabhadh airgid eile as téarmaí na sócmhainne airgeadais nó má chuireann siad srian ar shreabhadh airgid ar bhealach atá neamh-chomhsheasmhach le híocaíochtaí arb é atá iontu íocaíochtaí príomhshuime agus úis, ní chomhlíonann an tsócmhainn airgeadais an coinníoll i míreanna 4.1.2(b) agus 4.1.2A(b). Cé acu sócmhainní airgeadais nó sócmhainní neamhairgeadais iad na sócmhainní foluiteacha, ní dhéanann sin ann féin difear don mheasúnú sin.

...

Ionstraimí atá nasctha go conarthach

B4.1.20 I gcineálacha áirithe idirbheart, ina bhfuil gnéithe neamhiontaofa, féadfaidh eisitheoir tosaíocht a thabhairt d'íocaíochtaí le sealbhóirí sócmhainní airgeadais trí úsáid a bhaint as ilionstraimí a bhfuil nasc conarthach eatarthu (tráinsí). Tá rangú fo-ordaithe ag gach tráinse a shonraíonn an t-ord ina ndéantar aon sreabhadh airgid arna ghiniúint ag an eisitheoir ó chomhthiomsú foluiteach na n-ionstraimí airgeadais a leithdháileadh ar an tráinse. An tosaíocht a thabhairt d'íocaíochtaí le sealbhóirí na dtráinsí sin, bunaítear í trí struchtúr íocaíochta cascáide lena gcruthaítear comhchruinnithe riosca creidmheasa, rud a fhágann go mbíonn leithdháileadh díréireach easnamh airgid ón gcomhthiomsú foluiteach idir na tráinsí mar thoradh air. I gcásanna den sórt sin, tá sé de cheart ag sealbhóirí tráinse chun íocaíochtaí príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc i gcás ina ngineann an t-eisitheoir sreabhadh airgid leordhóthanach chun tráinsí ar rangú níos airde a chomhlíonadh agus sa chás sin amháin. Sna cineálacha idirbheart sin, cuireann sealbhóirí tráinse míreanna B4.1.21–B4.1.26 i bhfeidhm in ionad mhír B4.1.17.

B4.1.20A I gcás roinnt idirbheart a bhféadfadh ilionstraimí fiachais a bheith iontu agus go bhfuil an chuma orthu go bhfuil na saintréithe acu a ndéantar tuairisc orthu i mír B4.1.20, is éard atá iontu, go fíor, socruithe iasachtaithe atá struchtúrtha chun cosaint chreidmheasa fheabhsaithe a sholáthar do chreidiúnaí (nó do ghrúpa creidiúnaithe). Mar shampla, féadfar eintiteas struchtúrtha a chur ar bun chun na sócmhainní foluiteacha a shealbhú a ghinfidh an sreabhadh airgid chun an creidiúnaí a aisíoc. Eisíonn an t-eintiteas struchtúrtha ionstraimí fiachais shinsearaigh agus shóisearaigh. Is é an creidiúnaí a shealbhaíonn an ionstraim fiachais shinsearaigh agus níl aon chumas praiticiúil ag an eintiteas a urraíonn an t-eintiteas struchtúrtha a shealbhaíonn an ionstraim fiachais shóisearaigh an ionstraim shóisearach a dhíol gan an ionstraim fiachais shinsearaigh a bheith iníoctha. Cuireann sealbhóirí ionstraimí fiachais den sórt sin míreanna B4.1.7–B4.1.19 i bhfeidhm in ionad mhíreanna B4.1.21–B4.1.26.

B4.1.21 In idirbhearta ina bhfuil ionstraimí atá nasctha go conarthach, faoi mar a thuairiscítear i míreanna B4.1.20, tá saintréithe sreafa airgid ag tráinse ar íocaíochtaí príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc iad más amhlaidh na nithe seo a leanas, agus sa chás sin amháin:

(a) ...

B4.1.22 Ní mór d'eintiteas cur chuige na trédhearcachta a chur i bhfeidhm go dtí go bhféadfaidh sé an comhthiomsú foluiteach ionstraimí atá ag cruthú an tsreafa airgid a shainaithint (in ionad dul tríothu). Is é sin an comhthiomsú foluiteach ionstraimí airgeadais.

B4.1.23 Ní mór ionstraim amháin nó níos mó a bheith sa chomhthiomsú foluiteach ag a bhfuil sreabhadh airgid conarthach nach bhfuil ann ach íocaíochtaí príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc. Chun críocha an mheasúnaithe sin, is féidir a áireamh sa chomhthiomsú foluiteach ionstraimí airgeadais nach dtagann faoi raon feidhme na gceanglas aicmithe (féach Roinn 4.1) ach ag a bhfuil sreabhadh airgid conarthach atá coibhéiseach le híocaíochtaí príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc agus leo sin amháin— mar shampla, roinnt suimeanna infháltais léasa. Mar sin féin, maidir le suimeanna infháltais léasa atá faoi réir riosca luacha iarmharaigh, nó a chuimsíonn íocaíochtaí léasa athraitheacha atá innéacsaithe le hathróg nach bunriosca ná bunchostas iasachta é (mar shampla, ráta cíosa margaidh), níl sreabhadh airgid conarthach acu atá coibhéiseach le híocaíochtaí príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc agus leo sin amháin

Leasuithe ar IFRS 7 *Ionstraimí Airgeadais: Nochtuithe*

Cuirtear míreanna 20B, 20C, 20D, 44LL agus 44MM isteach. Leasaítear míreanna 11A agus 11B.

SUNTASACHT IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS MAIDIR LE STAID AGUS FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

...

Ráiteas ar an Staid Airgeadais

...

Infheistíochtaí in ionstraimí cothromais a ainmnítear ag luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile

11A Má d'ainmnigh eintiteas infheistíochtaí in ionstraimí cothromais atá le tomhas ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile, arna cheadú le mír 5.7.5 de IFRS 9, nochtfaidh sé na nithe seo a leanas i gcás gach aicme infheistíochta:

(a) ...

(b) ...

(c) luach cóir ag deireadh na tréimhse tuairiscithe;

(d) ...

(e) ...

(f) an gnóthachan nó caillteanas luacha chóir a chuirtear i láthair in ioncam cuimsitheach eile le linn na tréimhse, lena léirítear ar bhonn leithleach an gnóthachan nó caillteanas luacha chóir a bhaineann le hinfheistíochtaí arna dhí-aithint le linn na tréimhse tuairiscithe agus an gnóthachan nó caillteanas luacha chóir a bhaineann le hinfheistíochtaí arna sealbhú ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

11B Má dhí-ainmnigh eintiteas infheistíochtaí in ionstraimí cothromais arna dtomhas ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile le linn na tréimhse tuairiscithe, nochtfaidh sé na nithe seo a leanas:

(a) ...

(b) ...

(c) ...

(d) aon aistriú ar an ngnóthachan nó ar an gcaillteanas carnach laistigh de chothromas le linn na tréimhse tuairiscithe a bhaineann leis na hinfheistíochtaí arna dhí-aithint le linn na tréimhse tuairiscithe sin.

...

Ráiteas ar ioncam cuimsitheach

Míreanna iocaim, speansais, gnóthachain nó caillteanais

...

20B Nochtfaidh eintiteas an fhaisnéis a cheanglaítear le mír 20C de réir aicme sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta nó ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile agus de réir aicme dliteanas airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta. Breithneoidh an t-eintiteas cé mhéad mionsonraí atá le nochtadh, an leibhéal comhiomlánaithe nó dí-chomhiomlánaithe iomchuí, agus cé acu a theastaíonn nó nach dteastaíonn mínithe breise ó úsáideoirí ráiteas airgeadais chun meastóireacht a dhéanamh ar aon fhaisnéis chainníochtúil a nochtar.

20C Chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí ráiteas airgeadais tuiscint a chur ar éifeacht téarmaí conarthacha a d'fhéadfadh méid an tsreafa airgid chonarthaigh a athrú bunaithe ar theagmhas teagmhasach a bheith ann (nó gan a bheith ann), teagmhas nach mbaineann go díreach le hathruithe ar bhunrioscaí agus bunchostais iasachtaithe (mar atá an t-amluach airgid nó an riosca creidmheasa), nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas:

(a) tuairisc cháilíochtúil ar chineál an teagmhais theagmhasaigh;

(b) faisnéis chainníochtúil faoi na hathruithe féideartha ar shreabhadh airgid conarthach a d'fhéadfadh teacht as na téarmaí conarthacha sin (raon na n-athruithe féideartha, mar shampla); agus

(c) oll-luach de réir na leabhar ar na sócmhainní airgeadais agus costas amúchta na ndliteanas airgeadais faoi réir na dtéarmaí conarthacha sin.

20D Mar shampla, nochtfaidh eintiteas an fhaisnéis a cheanglaítear le mír 20C le haghaidh aicme dliteanas airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta a n-athraíonn a sreabhadh airgid conarthach má bhaineann an t-eintiteas laghdú amach ar a astaíochtaí carbóin.

...

DÁTA ÉIFEACHTACH AGUS AISTRIÚ

...

44LL Le *Leasuithe ar Aicmiú agus Tomhas Ionstraimí Airgeadais*, arna n-eisiúint i mí na Bealtaine 2024, cuireadh míreanna 20B, 20C agus 20D isteach agus leasaíodh míreanna 11A agus 11B. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm nuair a chuireann sé na leasuithe ar IFRS 9 i bhfeidhm i gcomhréir le míreanna 7.1.12–7.1.13 de IFRS 9. Má roghnaíonn eintiteas gan ach na leasuithe ar an Treoraíocht maidir le cur i bhfeidhm i Roinn 4.1 de IFRS 9 (Aicmiú sócmhainní airgeadais) a chur i bhfeidhm le haghaidh tréimhse níos luaithe i gcomhréir le mír 7.1.13(b) de IFRS 9, cuirfidh an t-eintiteas míreanna 20B, 20C agus 20D den Chaighdeán seo i bhfeidhm san am céanna. I gceachtar den dá chás, ní gá d'eintiteas na nochtuithe a cheanglaítear leis na leasuithe a sholáthar le haghaidh aon tréimhse arna cur i láthair roimh dháta chur i bhfeidhm tosaigh na leasuithe.

44MM Sa tréimhse tuairiscithe ina gcuireann eintiteas *Leasuithe ar Aicmiú agus Tomhas Ionstraimí Airgeadais* i bhfeidhm den chéad uair, ní cheanglaítear ar eintiteas an fhaisnéis a cheanglófaí murach sin le mír 28(f) de IAS 8 a nochtadh.